An Roinn Oideachais agus Scileanna

Cigireacht Ábhair ar an nGaeilge
TUAIRISC

Coláiste na Rinne
An Rinn, Baile Átha Cliath 4
Uimhir Rolla: 70200D

Dáta na cigireachta: 24 Meán Fómhair 2013

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

TUAIRISC
AR
CHÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS AN TEAGAISC SA GHAEILGE

EOLAS MAIDIR LEIS AN GCIGIREACHT

Dáta na cigireachta	24 Meán Fómhair 2013
Na gníomhaíochtaí cigireachta ar tugadh fúthu • Athbhreithniú ar cháipéisí ábhartha • Plé leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí • Caidreamh le scoláirí	• Breathnú ar theagasc agus ar fhoghlaim i rith trí thréimhse ranga • Athbhreithniú ar obair na scoláirí • Aiseolas don phríomhoide agus don mhúinteoir

PRÍOMHCHINNTÍ

- Bhí úsáid na Gaeilge mar theanga bhainistíochta, mhúinte agus chaidrimh go maith ar an iomlán sna ranganna a breathnaíodh.
- Bhí foghlaim ghníomhach mar chuid lárnach de na ceachtanna go léir a breathnaíodh agus bhí luas maith leis na ranganna dá bharr.
- Baineadh úsáid as réimse straitéisí le linn na gceachtanna chun na scoláirí a mhealladh leis an sprioctheanga a labhairt agus moltar an cur chuige sin.
- Baineadh úsáid as teicneolaíocht faisnéise agus na cumarsáide (TFC) le linn ceachtanna áirithe ach chuirfeadh breis úsáide go mór le foghlaim na scoláirí i gcoitinne.
- Rinneadh a lán oibre ar scéimeanna oibre cuimsitheacha a chur le chéile agus moltar an obair sin.

PRÍOMH-MHOLTAÍ

- Moltar níos mó eiseamláirí teanga agus ábhair tacaíochta eile a chur ar taispeáint ar bhealach soiléir le linn na gceachtanna chun tacú le foghlaim na scoláirí.
- Moltar nótaí cuimsitheacha difreáilte a chur ar fáil do na scoláirí atá i mbun na hArdteistiméireachta don dara huair d'fhonn freastal ar réimse leathan innúlachta ar an nGaeilge.

RÉAMHRÁ

Is scoil chomhoideachais ilchreidmheach dara leibhéal í Coláiste na Rinne le rollúchán reatha de 156 scoláire faoi phátrúnacht Bhord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath. Soláthraíonn an scoil réimse cláracha lena n-áirítear Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh (CSTS), an Teastas Sóisearach, an Ardteistiméireacht bhunaithe, Gairmchlár na hArdteistiméireachta agus rang athdhéanta na hArdteistiméireachta ar a mbeidh suas le 35 scoláire ag freastal i mbliana. Cuireann an Coláiste cúrsa Iar-Ardteistiméireachta ar fáil i staidéar ríomhaireachta agus dhá chúrsa lán-aimseartha leibhéal FETAC 5 i ríomhairí agus riarachán.

TEAGASC AGUS FOGHLAIM

- Bhí úsáid na Gaeilge mar theanga bhainistíochta, mhúinte agus chumarsáide go maith ar an iomlán sna ranganna a breathnaíodh. Ní mór a bheith cúramach, áfach, faoin aistriúchán go Béarla. Is gá réimse straitéisí eile a chur i bhfeidhm de réir a chéile d'fhonn úsáid an aistriúcháin a sheachaint.
- Scríobhadh spriocanna foghlama ar an gclár bán ag tús na gceachtanna go léir agus cuireadh in iúl do na scoláirí cad a bheadh ar siúl le linn an cheachta. Is dea-chleachtas é seo. Chuathas siar ar na spriocanna foghlama ag deireadh ceachta amháin agus is cur chuige maith é seo ar chóir a leathnú chuig na ceachtanna go léir.
- Bhí foghlaim ghníomhach lárnach i ngach ceacht le réimse gníomhaíochtaí éagsúla a spreag scoláirí le bheith rannpháirteach ina gcuid foghlama. Moltar an cur chuige seo go mór. Bhí luas maith leis na ceachtanna agus bhí leanúnachas maith sa bhfoghlaim.
- Baineadh úsáid as réimse áiseanna le linn na gceachtanna, lena n-áirítear úsáid TFC agus moltar é sin. D'fhéadfaí úsáid TFC a leathnú agus a fhorbairt chun tacú le foghlaim na scoláirí. Seachas am a chaitheamh ag scríobh ceachtanna gramadaí nó treoracha ar an gclár bán, d'fhéadfaí obair den chineál sin a bheith réamhullmhaithe agus léirithe le cabhair na teicneolaíochta.
- Moltar na straitéisí tacaíochta ar baineadh úsáid astú chun cur le stór focal na scoláirí. Moltar ach go háirithe an teimpléad teanga agus an próféil ar baineadh úsáid astu i gcás amháin a breathnaíodh. Moltar áfach, go n-iarrfaí ar scoláirí próféilí a dhéanamh ar laochraí spóirt agus ar réaltaí teilifíse agus ceoil d'fhonn a chinntiú go bhfuil fíorspéis acu san ábhar. Thacódh a leithéid de chur chuige le spéis na scoláirí a mhúscailt agus le caighdeán a gcuid foghlama a ardú dá réir.
- Bhí roinnt ábhair tacaíochta ar taispeáint ar bhallaí na seomraí ranga chun tacú le foghlaim na scoláirí. Moltar an réimse ábhair seo a leathnú go mór chun cabhrú le scoláirí agus iad ag cur abairtí le chéile i scríbhinn nó sa chaint. Ba cheart don mhúinteoir tagairtí a dhéanamh don ábhar seo ar bhonn leanúnach le linn na gceachtanna agus aird na scoláirí a dhíriú air d'fhonn cabhrú leo abairtí cruinne a chumadh ón tús.
- Ní mór a chinntiú go bhfuil ábhar tacaíochta agus ábhar a léirítear ar an gclár bán soiléir agus sofheicthe ó chúl an tseomra ranga. Ba cheart a chinntiú freisin go bhfuil scoláirí in ann an múinteoir agus iad féin a chloisint go héasca.
- Baineadh úsáid áirithe as an athrá le linn ceachtanna a breathnaíodh agus moltar é seo mar chur chuige. Ní mór úsáid an athrá a leathnú go mór ionas go bhfuil an múinteoir cinnte go bhfuil foghraíocht na scoláirí cruinn agus gur féidir leo focail agus frásaí nua a fhuaimniú i gceart.

- Ba léir ó na cóipleabhair a breathnaíodh go dtugtar agus go gceartaítear obair bhaile go rialta. Tugadh obair bhaile le linn na gceachtanna a breathnaíodh a bhí bunaithe ar obair an ranga, rud a chinntíonn leanúnachas maith sa bhfoghlaim.

SOLÁTHAR AN ÁBHAIR AGUS TACAÍOCHT NA SCOILE UILE

- Tá an soláthar don Ghaeilge ar thráthchlár na scoile sásúil go maith, le cúig thréimhse ar fáil do na bliainghrúpaí go léir sa scoil, lena n-áirítear tréimhse dhúbailte don dara, don tríú agus don séú bliain. Cé go mbeadh tréimhsí singil níos fearr le cinntiú go mbeadh teagmháil laethúil ag na scoláirí leis an teanga, tugann tréimhse dhúbailte deis don mhúinteoir triail a bhaint as gníomhaíochtaí éagsúla a thógfadh am níos faide ná an gnáththréimhse ranga.
- De bharr líon beag na scoláirí atá cláraithe sa scoil faoi láthair, múintear na ranganna go léir i suíomhanna cumais mheasctha. Cruthaíonn sé seo dúshláin ar leith don mhúinteoir ach tá straitéisí difreáilte i réim sna ranganna Gaeilge agus moltar é seo. Ní mór athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar éifeacht na straitéisí sin d'fhonn a chinntiú go mbaintear an úsáid is fearr as an am teagaisc.
- Eagraíodh Seachtain na Gaeilge sa scoil anuraidh don chéad uair agus tuairiscíodh gur éirigh go han-mhaith leis. Tá bainistíocht na scoile tiomanta d'ardú próifil na teanga sa scoil agus i measc na scoláirí. Moltar go ndéanfaí plé leanúnach ar bhealaí go bhféadfaí tacú leis an aidhm seo. Dá mhéid béime a leagtar ar úsáid na teanga is ea is mó a éireoidh leis an múinteoir cur le spéis na scoláirí i bhfoghlaim na Gaeilge.
- Cuireadh tús anuraidh le scrúduithe béil do na scoláirí ar fad ag an Nollag agus sa samhradh. Is dea-chleachtas é seo agus moltar go léireofaí na marcanna sa scrúdú béil mar mhír ann féin sna tuairiscí a chuirtear chuig tuismitheoirí.

PLEANÁIL AGUS ULLMHÚCHÁN

- Cuireadh plean ar fáil do mhúineadh agus foghlaim na Gaeilge ar lá na meastóireachta chomh maith le scéimeanna oibre cuimsitheacha. Moltar go mór an obair a rinneadh ar na scéimeanna oibre, ach tá roinnt oibre le déanamh fós ar an bplean ábhair. Moltar go mbeadh na scéimeanna agus an plean ar fad curtha ar fáil i nGaeilge.
- Níl ach múinteoir amháin i mbun mhúineadh na Gaeilge i mbliana. Tuairiscíodh, áfach, go mbíonn comhoibriú maith idir múinteoir na Gaeilge agus múinteoir na Fraincíse maidir le straitéisí múinteoireachta agus cur chuigí éifeachtacha. Moltar an comhoibriú seo.
- Tá sé i gceist anailís chuimsitheach a dhéanamh ar thorthaí na scrúduithe stáit agus iad a chur i gcomparáid le noirm náisiúnta. Cuirfear na torthaí ar fáil do na páirithe leasmhara. Tá sé mar aidhm inmholta ag bainistíocht na scoile díriú ar ghnóthachtáil na scoláirí agus na huimhreacha i mbun ardleibhéil sna hábhair éagsúla a mhéadú go suntasach thar thréimhse áirithe ama.

Ag deireadh na meastóireachta, pléadh dréachtchinntí agus dréachtmholtaí na meastóireachta seo leis an bpríomhoide agus leis an múinteoir ábhair. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn, agus beidh freagra an bhoird ar fáil san aguisín atá leis an tuairisc seo.

Aguisín

Freagra na Scoile ar an Tuairisc

Arna chur isteach ag an Bord Bainistíochta

Réimse 1: Tuairimí ar ábhar na tuairisce scoile

The School Board and CDETB wish to acknowledge with gratitude the inspection report. We consider the process of the inspection to have been very beneficial to the school and especially to the subject department of Irish.

With regard to the contents of the report and its constituent parts: Teaching and Learning, Subject Provision and Whole-school Support, and Planning and Preparation, we find the observations to be accurate and comprehensive. We feel the comments are very fair, very realistic and well-thought out and will serve as a very useful reference document for the school and teachers into the future. It has been a very supportive experience for the school.

Réimse 2: Gníomhartha leantacha a rinneadh nó atá beartaithe le déanamh ó cuireadh críoch leis an ngníomhaíocht chigireachta chun tátail agus moltaí na cigireachta a chur I bhfeidhm

The School Management and the Subject Teacher will hold a series of meetings to discuss the findings and recommendations of the report. This will lead to an action plan that will be incorporated into the subject plan for Irish and also inform our plan to increase the usage of Irish across the whole school. We will report on our progress to incorporate this report's findings and recommendations to our School Board and to the CDETB.

We believe a key to achieving successful outcomes for students in Irish is to increase their interest in the language, both within the setting of the classroom and in the whole school. We believe that as students' interest in the language increases, so too does their motivation to learn and use it. We want them to enjoy using the language.

In the classroom, we aim to continue to use techniques of differentiation to manage the mixed-ability situation. We will incorporate all of the recommendations including the request for more language exemplars on display. We are eager to increase our use of techniques associated with Assessment for Learning in all our classrooms, including the Irish classroom. We believe that timely and meaningful feedback to learners, especially perhaps in language learning, is fundamental to their progress and enjoyment. Also, in general, we are keen to increase the development of oral and aural skills through effective use of digital media in the classroom.

The main way we are aiming to increase our promotion of the Irish language **across the whole school** is by expanding activities which were initiated during Seachtain na Gaeilge. This will include increasing the amount of signage, posters and displays in the Irish language around the college, bringing in some guest speakers who use Irish in their working lives, increasing traditional music, song and dance activities and, in general, incorporating an Irish language element into any whole-school extra-curricular and co-curricular events, where the opportunity arises. We also aim to organise and sponsor periodic trips to Gaeltacht areas. In addition to this, we aim to increase awareness, appreciation and enjoyment of Irish in our students' homes by providing parents with free classes in Irish language through our Adult Education Service.

Finally, we agree with the findings and we will follow the recommendations as outlined in the report.